AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.9.2026
COM(2026) 498 final

2026/0289 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú agus trasuí Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh

{SWD(2026) 282 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1139[1] (‘Rialachán CEMID’), leithdháiltear acmhainní ó bhuiséad an Aontais chun tacú leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI), le beartas muirí an Aontais agus lena ghealltanais idirnáisiúnta maidir le rialachas na n-aigéan. Is léir go bhfuil an teaglaim de chreat rialála CBI – lena gcumhdaítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, réimse ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas – agus an tacaíocht struchtúrach a chuireann CEMID ar fáil éifeachtach chun stoic éisc shláintiúla a choinneáil ar bun nó a athbhunú agus chun dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn. Mar phríomh-rannchuiditheoirí le táirgeadh bia an Aontais, tá maoiniú iontaofa de dhíth ar earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe chun dul i ngleic le seachtrachtaí diúltacha, luaineacht chomhshaoil, agus an gá atá le nuálaíocht, pleanáil straitéiseach agus oiriúnú. Dá bhrí sin, tá CEMID mar bhonn taca faoin iascach agus an dobharshaothrú inbhuanaithe, caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, an tslándáil bia, an geilleagar gorm, bainistiú farraigí agus aigéan atá sláintiúil, sábháilte agus slán. Dréachtaíonn na Ballstáit cláir náisiúnta CEMID atá saincheaptha dá riachtanais agus bunaithe ar na tosaíochtaí agus na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán CEMID.

D’ainneoin a thábhachta straitéisí, tá dúshláin cur chun feidhme ag baint leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair. Léirítear sa mheastóireacht mheántéarma ar CEMID[2] agus san aiseolas rialta ó na Ballstáit, ó pháirtithe leasmhara agus ó Chomhairlí Comhairleacha go meastar go bhfuil deiseanna cistiúcháin teoranta agus nach bhfuil siad solúbtha go leor. Sainaithníodh éiginnteacht dhlíthiúil agus castacht dhlíthiúil mar bhacainní móra roimh thacaíocht a thabhairt don aistriú fuinnimh, don iascaireacht ar mionscála, agus don athnuachan ó ghlúin go glúin. Thairis sin, cé gurb é CEMID an phríomhfhoinse mhaoiniúcháin chun CBI a chur chun feidhme, téann cuid dá fhorálacha thar cheanglais Rialachán CBI agus bíonn tionchar ag athruithe móra ar thosca seachtracha orthu ó glacadh Rialachán CEMID, amhail an phráinn mhéadaitheach atá ann tacú le haistriú fuinnimh na hearnála. Dá bhrí sin, moltar sa mheastóireacht bearta spriocdhírithe chun dlús a chur le hamlínte cur chun feidhme agus chun moilleanna riaracháin a laghdú.

Leis an togra seo, féachtar le Rialachán CEMID a leasú chun é a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca do na Ballstáit agus do thairbhithe é a chur chun feidhme. Ionchorpraítear sa leasú freisin na hathruithe is gá chun a áirithiú go ndéanfar Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Fóirdheontais Iascaigh, a glacadh ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT an 17 Meitheamh 2022, a chur chun feidhme go hiomlán i ndlí an Aontais Eorpaigh, ar comhaontú é a dhaingnigh an tAontas an 7 Meitheamh 2023 agus a tháinig i bhfeidhm an 15 Meán Fómhair 2025. Leis an gcomhaontú, cuirtear toirmeasc ar fhóirdheontais dhíobhálacha iascaigh agus dírítear ar ghníomhaíochtaí agus limistéir

[1] Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1139/oj)

[2] Meastóireacht mheántéarma ar an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) 2021-2027, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/65b91bed-294f-11ef-9290-01aa75ed71a1

iascaireachta shonracha, lena n-áirítear iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, iascaireacht stoc a ndéantar ró-iascaireacht orthu agus iascaireacht ar an mórmhuir neamhrialáilte, agus leagtar amach oibleagáidí nua comhfhreagracha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra teoranta do leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/1139 agus tá sé comhsheasmhach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh agus le Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh chistí an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra agus cuspóirí an togra ag teacht go hiomlán le beartais eile an Aontais go háirithe beartais chomhshaoil, aeráide, chomhtháthaithe, talmhaíochta, shóisialta, mhargaidh, agus trádála.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis na tionscnaimh a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, lena gcuirtear cur chuige comhtháite i bhfeidhm maidir le cistiú agus beartais atá ábhartha don aigéan lena gcumhdaítear raon leathan réimsí, lena n-áirítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, atá ar cheann de chúig inniúlacht eisiacha an Aontais; bithéagsúlacht mhuirí a athchóiriú; bainistiú iascaigh agus dobharshaothraithe inbhuanaithe agus nuálaíocht iontu; cur chun feidhme CBI; eolas faoi na haigéin; slándáil mhuirí; slándáil bia; agus geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhéadú. Leis an togra cuidítear freisin le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 de chuid na Náisiún Aontaithe (‘na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe’) a bhaint amach, sprioc a bhfuil an tAontas tiomanta di.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Cuirfear na forálacha atá beartaithe chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais[3].

- **Comhréireacht**

Comhlíonann na forálacha atá beartaithe prionsabal na comhréireachta toisc go bhfuil siad iomchuí agus riachtanach agus toisc nach bhfuil aon bheart is lú srian ar fáil chun na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an ionstraim atá beartaithe ina Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Léirítear i réamhthorthaí na meastóireachta *ex post* ar Rialachán CEMI (2014-2020) agus sa mheastóireacht mheántéarma ar Rialachán CEMID (2021-2027) go raibh tionchar dearfach ag cistí de chuid an Aontais a bhí ann roimhe seo lena ndírítear ar réimsí comhchosúla ar na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe, gur rannchuidigh siad le cur chun feidhme CBI, lena n-áirítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, go háirithe trí fheabhas a chur ar rialú agus forfheidhmiú iascaigh agus trí thacú le bailiú sonraí. Rinneadh rannchuidiú dearfach leo freisin leis an mbeartas muirí, rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan, forbairt na bpobal cósta agus an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe.

Léirítear i meastóireacht mheántéarma CEMID go measann na Ballstáit gurb iad acmhainneacht theoranta, struchtúir institiúideacha agus dianchoinníollacha incháilitheachta le haghaidh bearta a bhaineann le cabhlaigh na príomhchúiseanna le cur chun feidhme mall, rud a léiríonn go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras seachadta. Ar an iomlán, deimhnítear sa mheastóireacht go bhfuil CEMID fós ina uirlis straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais agus ar riachtanais náisiúnta, rud a thugann an tsolúbthacht do na Ballstáit cistiú a chlársceidealú mar fhreagairt ar chomhthéacs beartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí atá ag athrú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chomh maith leis an bhfianaise a bailíodh trí mheastóireacht mheántéarma CEMID, lena dtacaítear le staidéir agus malartuithe leis na Ballstáit, leis an earnáil, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an tsochaí shibhialta i gcoitinne, bhailigh an Coimisiún raon leathan aighneachtaí ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoin leasú spriocdhírithe ar Rialachán CEMID. Baintear leas sa leasú freisin as plé laistigh de ghrúpaí saineolaithe, as ionchur ó shaineolaithe náisiúnta agus as obair aonad tiomnaithe tacaíochta faireacháin agus meastóireachta CEMID de chuid an Choimisiúin, an Líonra Faireacháin, Meastóireachta agus Tacaíochta Áitiúla um Iascach agus Dobharshaothrú (FAMENET).

I roinnt rún a ghlac Parlaimint na hEorpa, iarradh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán CEMID. Ina rún maidir le staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme CBI, a glacadh i mí Eanáir 2024, d'aithin an Pharlaimint teorainneacha in CEMID agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rochtain ar thacaíocht CEMID a éascú do ghairmithe tionscail. I rún eile a glacadh i mí an Mhárta 2026, d'iarr an Pharlaimint go mbainfí bacainní rialála nach bhfuil gá leo faoi CEMID. Ar an gcaoi chéanna, ina rún maidir le dícharbónú agus nuachóiriú chabhlach iascaireachta an Aontais a glacadh i mí na Nollag 2025, chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir gur féidir leis na rialacha atá ann faoi láthair 'srian mór a chur' ar rochtain ar mhaoiniú le haghaidh athnuachan soithí agus éifeachtúlacht fuinnimh. Dá bhrí sin, d'iarr an Pharlaimint an athuair go ndéanfaí leasuithe spriocdhírithe ar chreat CBI agus ar CEMID araon, ós rud é go gcreideann sí go gcuireann na creataí atá ann cheana bac ar fheabhsuithe is gá ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht fuinnimh agus go mbaineann siad an bonn d'iomaíochas agus de bhrabúsacht iascairí an Aontais i gcomparáid le cabhlaigh nach cabhlaigh de chuid an Aontais iad.

Go sonrach, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagail 17 go 19 de Rialachán CEMID chun na critéir incháilitheachta a shimpliú, agus d'áitigh sí go bhfuil na

coinníollacha atá ann faoi láthair róshriantach, go gcuireann siad teorainn le cur i bhfeidhm praiticiúil na bhforálacha sin agus go mbíonn glacadh íseal mar thoradh orthu. Léirítear na hábhair imní sin i dtaighde a rinneadh do Choiste PECH maidir le haistriú fuinnimh an chabhlaigh iascaireachta, inar cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le húdarás bainistíochta CEMID agus le hionadaithe earnála, go measann páirtithe leasmhara gur tosaíocht é nuachóiriú an chabhlaigh chun costais oibriúcháin a laghdú agus feabhas a chur ar dhálaí oibre, agus an dícharbónú á shaothrú mar chuspóir comhlántach.

Chomh maith le malartuithe riaracháin tráthrialta, sheol airí ó roinnt Ballstát litir chomhpháirteach inar iarradh ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán CEMID chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don aistriú fuinnimh agus don athnuachan ó ghlúin go glúin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phacáiste simpliúcháin. D'ardaigh roinnt Ballstát, amhail an Eastóin, an Fhionlainn agus an Spáinn, an t-ábhar i scríbhinn agus d'iarr siad cruinnithe tiomnaithe. Pléadh an tsaincheist sa Chomhairle freisin, mar shampla ag cruinnithe Chomhairle AGRIFISH i mí an Mhárta 2025, i mí na Samhna 2025 agus i mí an Mhárta 2026.

Tá tograí le haghaidh leasuithe spriocdhírithe curtha isteach ag roinnt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Comhairlí Comhairleacha agus comhlachais earnála. Baineann na saincheisteanna a d'ardaigh na Comhairlí Comhairleacha le srianta cur chun feidhme, go háirithe an easpa glaonna oibríochtúla ó na Ballstáit ar iarratasóirí féideartha, amlínte doiléire, agus nósanna imeachta casta riaracháin. D'iarr comhlachais earnála go ndéanfaí bearta struchtúracha chun athléimneacht fhadtéarmach na hearnála a neartú, mar aon le coigeartuithe spriocdhírithe agus tacaíocht mhéadaithe d'aistriú fuinnimh cóir. Áirítear ar na heagraíochtaí sin Europêche, SEA Europe, LIFE, Comhlachas Náisiúnta na Fraince um Eagraíochtaí Táirgeoirí (ANOP), Coiste Náisiúnta na Fraince um Iascach Muirí agus Dobharshaothrú Muirí (CNPMEM), agus dhá cheann dá ionadaíocht réigiúnacha (CDPMEM du Finistère agus CRPMEM Bretagne).

Lorg an Coimisiún aiseolas freisin i bhfianaise leasú spriocdhírithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar CEMID trí ghlao ar fhianaise[4] a bhí ar oscailt ón 23 Meitheamh go dtí an 21 Iúil 2026. Fuarthas 69 bhfreagra san iomlán ó pháirtithe leasmhara in 18 mBallstát. Ba iad comhlachais ghnó an grúpa freagróirí ba mhó (20 freagra), agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ina dhiaidh sin (17 bhfreagra). Thug an Spáinn 29 bhfreagra.

Ba iad comhlachais ghnó an grúpa freagróirí ba mhó, arbh ionann iad agus 21 de na 69 n-aighneacht a fuarthas. Tríd is tríd, d'iarr siad go ndéanfaí simpliú riaracháin, go leathnófaí incháilitheacht chistiúcháin thar FBManna chuig fiontair mhóra, go n-athrófaí rialacha maidir le hacmhainneacht cabhlaigh, agus go mbeadh coinníollacha níos solúbtha ann maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin. Leag siad béim freisin ar an ngá atá le buiséad imfhálaithe CEMID a chaomhnú, seachas é a chomhtháthú i gciste níos leithne tar éis 2027.

Tríd is tríd, thacaigh eagraíochtaí neamhrialtasacha le trasuí iomlán Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh, lena n-áirítear forálacha láidre chun tacaíocht a bhaineann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc. An tráth céanna, chuir siad i dtábhacht nár cheart don simpliú rialacha incháilitheachta, ceanglais faireacháin ná rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a lagú. Mhol go leor acu freisin cistiú a atreorú i dtreo iascaireacht ar mionscála, iascaireacht ísealtionchair, athchóiriú éiceachórais, coimircí leasa ainmhithe agus trédhearcacht níos fearr i leithdháileadh fóirdheontas.

[4] An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe – leasú ar mhaithe le simpliú agus chun comhaontú EDT a thrasuí

Tríd is tríd, thacaigh údaráis phoiblí le simpliú agus le níos mó solúbthachta sa chur chun feidhme. D'áitigh go leor acu gur cheart coincheap na hacmhainneachta iascaireachta a athbhreithniú, ós rud é go bhfuil uasteorainneacha GT/kW as dáta. D'iarr údaráis réigiúnacha agus údaráis ó na réigiúin is forimeallaí go dtabharfaí aitheantas níos fearr do shainiúlachtaí oileánacha agus réigiúnacha, go mbeadh rialacha níos solúbtha ann maidir le hathnuachan glúine agus cabhlaigh, agus, i gcásanna áirithe, go mbeadh sásra géarchéime tiomnaithe ann chun aghaidh a thabhairt ar shuaitfí amhail méaduithe ar phraghsanna breosla.

D'áitigh cuideachtaí go n-eisiatar próiseálaithe agus oibreoirí margaíochta móra go héagórach trí incháilitheacht a theorannú do FBManna. Thacaigh siad freisin le cistiú don bhonneagar digiteach le haghaidh dearbhuithe agus tuairisciú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus chuir siad in iúl gur cúis imní dóibh na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le heisiamh iomlán fóirdheontas a bhaineann le trálaeireacht ghrinnill.

Ar an gcaoi chéanna, thacaigh freagróirí eile le trasuí iomlán Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais Iascaigh de chuid EDT agus le spriocdhíriú comhshaoil níos láidre ar chistiú. Ar deireadh, d'iarr siad go mbeadh nósanna imeachta iarratais níos simplí ann, go ndéanfaí íocaíochtaí níos tapúla, agus go gcuirfí deireadh le srianta incháilitheachta FBM amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon impleacht ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon athrú ar na huasteorainneacha bliantúla le haghaidh gealltanas agus íocaíochtaí faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil i gceist leis na leasuithe atá beartaithe.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá feidhm ag na ceanglais maidir le cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus tuairisciú a bhunaítear i Rialacháin (AE) 2021/1139 agus 2021/1060.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú agus trasuí Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar gheall ar riachtanais earnáil iascaigh an Aontais Eorpaigh agus ar na dúshláin atá roimpi faoi láthair, tá gá le bearta tacaíochta níos saincheaptha agus níos simplí faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (‘CEMID’). Is é is aidhm do na coigeartuithe atá beartaithe sa Rialachán seo feabhas a chur ar chur chun feidhme CEMID agus é a éascú trí aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a sainaithníodh sa mheastóireacht mheántéarma ar CEMID agus sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, gan imeacht ó bhunphrionsabail an bheartais agus comhlíonadh an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) á áirithiú an tráth céanna. Is é is aidhm do na leasuithe solúbthacht a mhéadú do na Ballstáit agus an t-ualach ar thairbhithe a laghdú, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna a chuireann CEMID ar fáil don chuid eile den chlárthréimhse.

(2) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na srianta buiséadacha ar leithdháiltí le haghaidh bearta cabhlaigh agus scor buan chun níos mó solúbthachta agus lúfaireachta a thabhairt do na Ballstáit agus leithdháiltí airgeadais breise á gclárú acu faoi na bearta sin.

(3) Chun sábháilteacht ar muir a fheabhsú gan acmhainneacht iascaireachta a mhéadú, ba cheart teicneolaíochtaí loingseoireachta amhail GPS nó radair a bheith incháilithe chun tacaíocht a fháil.

(4) Tá athnuachan ó ghlúin go glúin san iascach fíor-riachtanach do shlándáil bia, inbhuanaitheacht agus beogacht chósta na hEorpa. Dá bhrí sin, ba cheart aistriú úinéireachta chuig iascairí óga agus chuig iascach cósta ar mionscála a éascú. Chun inmharthanacht iascairí ar mionscála a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar a leochaileacht eacnamaíoch, is gá dreasachtaí airgeadais iomchuí a sholáthar chun gníomhaíochtaí a éagsúlú.

(5) I gcomhréir le haithris (4), ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, dá bhrí sin, ráta déine cabhrach níos airde a dheonú d’iascairí óga chun tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus chun a dteacht isteach san earnáil a éascú.

(6) Tá gá le níos mó solúbthachta agus simplithe i bpróiseas an aistrithe fuinnimh chun a áirithiú go mbeidh todhchaí an iascaigh inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de, agus inmharthanacht na samhlacha gnó atá ann faoi láthair á cosaint an tráth céanna. Bealach amháin chun dlús a chur le haistriú fuinnimh na hearnála iascaigh agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais is ea innill a ionadú nó a nuachóiriú, mar shampla trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht atá bunaithe ar hidrigin, amóinia, dóchán inmheánach, breosla-chealla, leictreachas, meascán de leictreachas agus dóchán (hibrideach), breosla-chill hibrideach, nó aon teicneolaíocht choibhéiseach eile atá tíosach ar fhuinneamh nó teicneolaíocht breosla mhalartaigh. Chun tacú le próiseas an aistrithe fuinnimh agus chun cur le tarraingteacht na hearnála, ba cheart níos mó solúbthachta a thabhairt do shoithí iascaireachta cósta ar mionscála maidir lena n-innill a nuachóiriú nó a athsholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais in Airteagal 18(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/1139 a leasú chun an fócas a aistriú ó acmhainneacht kW an innill go dtí a rannchuidiú le héifeachtúlacht fuinnimh, arna thomhas leis an laghdú atá beartaithe ar astaíochtaí CO_2. Ba cheart na ceanglais maidir le hionadú innill in Airteagal 18(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/1139 a oiriúnú chun deireadh a chur le tairseacha dochta a chuireann bac faoi láthair ar ghlacadh, rud a chumasaíonn dícharbónú níos leithne ar fud an fhlít.

(7) Chun an t-ualach riaracháin ar earnáil na hiascaireachta a laghdú a thuilleadh, ba cheart an tréimhse chlárúcháin do shoithí iascaireachta a laghdú ó 10 mbliana féilire go 5 bliana féilire. Ina theannta sin, ba cheart méaduithe ar acmhainneacht olltonnáiste soithí a cheadú don iascach cósta ar mionscála chun freastal ar an méadú ar an méid is gá chun inneall a ionadú nó chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

(8) Bíonn iascach eascann an-séasúrach toisc go mbíonn tionchar ag tosca geografacha agus ag saolré chasta na n-eascann air. Chun críoch simpliúcháin, ba cheart saintréithe sonracha an iascaigh eascann a léiriú i ríomh na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar muir, agus ba cheart maolú ar an gceanglas 90 lá ar muir a thabhairt isteach in Airteagal 20(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/1139, mar atá cheana i gcás Airteagal 21 den Rialachán sin.

(9) Ba cheart tacaíocht airgeadais don scor sealadach a cheadú chun an tionchar socheacnamaíoch a bhíonn ag laghduithe móra gan choinne ar dheiseanna iascaireachta ar iascairí a mhaolú.

(10) Tá gá le tacaíocht airgeadais bhreise chun tionscnaimh nuálaíochta, aistrithe fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh a chothú a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais, go háirithe in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe. Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht spriocdhírithe bhreise a cheadú do thionscadail phíolótacha agus taighde sna hearnálacha sin ar tionscnaimh thurgnamhacha iad atá ceaptha chun tástáil a dhéanamh ar indéantacht birt faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart tacaíocht airgeadais a cheadú d'infheistíochtaí i gcalafoirt agus i mbonneagar a rannchuidíonn leis an aistriú fuinnimh in earnáil an iascaigh.

(11) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt do dhearadh, d'fhorbairt agus do chur chun feidhme comhchoiteann straitéisí náisiúnta le haghaidh limistéir mhuirí faoi chosaint agus limistéir shrianta iascaigh agus le haghaidh bhainistiú na limistéar sin.

(12) Is gá freisin Rialachán (AE) 2021/1139 a leasú chun an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ina bhfuil an Comhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh, a thrasuí[5].

(13) Tá an tAontas ina chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') a sheol Babhta Doha de na caibidlíochtaí trádála, ar a dtugtar 'Clár Oibre Doha um Fhorbairt', i mí na Samhna 2001. Ba é cuspóir chaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh Sprioc 14.6 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena ndírítear ar thoirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh as a n-eascraíonn ró-acmhainneacht agus ró-iascaireacht, deireadh a chur le fóirdheontais a thacaíonn le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus staonadh ó fhóirdheontais dhíobhálacha nua a thabhairt isteach.

(14) An 17 Meitheamh 2022, ghlac an 12ú Comhdháil Aireachta an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('an Prótacal'), ina bhfuil an Comhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh ('an Comhaontú'). Tháinig an Prótacal i bhfeidhm an 15 Meán Fómhair 2025, nuair a bhí a n-ionstraimí glactha i leith an Chomhaontaithe taiscthe ag an dá thrian de chomhaltaí EDT is gá.

(15) Sainaithnítear sa Chomhaontú roinnt fóirdheontas iascaigh mar fhóirdheontais dhíobhálacha agus bunaítear leis oibleagáid ar chomhaltaí EDT toirmeasc a chur ar fhóirdheontais do shoithí nó d'oibreoirí atá ag gabháil d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht mar thaca le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus d'iascaireacht agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht ar an mórmhuir lasmuigh d'inniúlacht rialála eagraíochta nó socraithe réigiúnaí ábhartha um bainistíocht iascaigh ('ERBI/A').

(16) Le Cinneadh (AE) 2023/1116 ón gComhairle[6], formheasadh an Prótacal. Thaisc an tAontas Eorpach a ionstraim ghlactha an 7 Meitheamh 2023. Ba cheart an Prótacal sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(17) Chun forálacha an Chomhaontaithe a chur chun feidhme agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán a oibleagáidí, go háirithe a mhéid a bhaineann le cistiú ón Aontas, is gá Rialachán (AE) 2021/1139 a leasú chun foráil a dhéanamh, i gcás oibreoirí agus soithí a bhfuil baint acu le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte nó le gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht chun tacú le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 3.2 den Chomhaontú, agus le hiascaireacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht ar an mórmhuir lasmuigh d'inniúlacht rialála ERBI/Comhaontú ábhartha, nach mbeidh siad incháilithe do thacaíocht faoi CEMID.

---

5 An fógra maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais Iascaigh, d'fhoilsigh Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO L, 2025/1962, 25.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/notice/2025/1962/oj)

6 Cinneadh (AE) 2023/1116 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh (IO L 148, 8.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1116/oj)

(18) De réir Airteagal 5.1 den Chomhaontú, níl aon chomhalta de chuid EDT le fóirdheontais a dheonú ná a choinneáil ar bun le haghaidh iascaireacht nó gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht a dhéantar lasmuigh de dhlínse comhalta cósta nó neamhchomhalta cósta agus lasmuigh d'inniúlacht ERBI/Comhaontú ábhartha. Chun an riail sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, is gá foráil a dhéanamh go bhfuil oibríochtaí agus caiteachas den sórt sin neamh-incháilithe freisin do chistiú faoi CEMID. Chun na críche sin, ba cheart Airteagal 13a nua a thabhairt isteach chun liosta na n-oibríochtaí agus an chaiteachais neamh-incháilithe faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/1139 a fhorlíonadh.

(19) Chun comhsheasmhacht leis na hoibleagáidí faoin gComhaontú a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo go dtí dáta foirceanta an Chomhaontaithe, mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Le linn na tréimhse sin, ba cheart iarratais ar thacaíocht nach gcomhlíonann an Comhaontú a bheith neamh-inghlactha, agus ba cheart oibríochtaí agus caiteachas a bheith neamh-incháilithe.

(20) Ba cheart cinntí maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte i gcinntí dearfacha faoi Airteagal 3.2 den Chomhaontú a bheith gan dochar do chinntí maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte faoi Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008[7] agus (CE) Uimh. 1224/2009[8] ón gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1139

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1139 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(2), cuirtear isteach pointí (16), (17), (18), (19), (20), (21), (22), agus (23) seo a leanas:

'(16) Ciallaíonn 'cinneadh dearfach' cinneadh críochnaitheach gur ghabh oibreoir nó soitheach d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe nó neamhrialáilte ('iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte') nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht mar thaca le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a aimsíonn an cinneadh sin:

(a) comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), i gcás gníomhaíochtaí i limistéir atá faoina dlínse ('an stát cósta'); nó

---

7 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1005/oj)

8 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj)

(b) eagraíocht nó socrú réigiúnach ábhartha um bainistíocht iascaigh (‘ERBI/Comhaontú’), le haghaidh gníomhaíochtaí i limistéir agus le haghaidh speicis faoina inniúlacht, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta an ERBI/Comhaontú sin agus leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha;

(17) Ciallaíonn ‘Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh’ an Comhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh atá sa Phrótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Fóirdheontais Iascaigh, a ghlac EDT an 17 Meitheamh 2022, atá i bhfeidhm ón 15 Meán Fómhair 2025 agus a formheasadh thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2023/1116 ón gComhairle[9];

(18) ciallaíonn ‘aistriú fuinnimh in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe’ claochlú intomhaiste ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe i dtreo tomhaltas fuinnimh níos ísle, astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe agus spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise, i gcás ina mbaintear an claochlú sin amach trí theicneolaíochtaí agus dearaí atá tíosach ar fhuinneamh a imscaradh agus a úsáid, trí bhreoslaí malartacha agus foinsí fuinnimh ísealcharbóin a ghlacadh in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, agus trí bhonneagar tacaíochta a fhorbairt nach mbaineann an bonn de chuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(19) ciallaíonn ‘iascaire óg’ iascaire nach bhfuil níos sine ná 40 bliain d’aois ar an dáta a chuirtear isteach an t-iarratas ar thacaíocht;

(20) chun críocha Airteagail 11a agus 13a, ciallaíonn ‘soitheach’ soitheach iascaireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe 4, de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó aon soitheach, long nó bád eile a úsáidtear, a fheistítear lena úsáid nó a bheartaítear a úsáid, le haghaidh iascaireachta nó le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht;

(21) chun críocha Airteagail 11a agus 13a, ciallaíonn ‘iascaireacht’ iasc a lorg, a mhealladh, a aimsiú, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú nó aon ghníomhaíocht a bhféadfaí a mheas go réasúnta go ndéanfaí iasc a mhealladh, a aimsiú, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú de thoradh na gníomhaíochta sin;

(22) chun críocha Airteagail 11a agus 13a, ciallaíonn ‘gníomhaíocht a bhaineann le hiascaireacht’ aon oibríocht chun tacú le hiascaireacht nó mar ullmhúchán d’iascaireacht, tabhairt i dtír, pacáistiú, próiseáil, trasloingsiú nó iompar éisc nár tugadh i dtír cheana ag calafort, chomh maith le soláthar pearsanra, breosla, trealaimh agus soláthairtí eile ar muir;

(23) chun críocha Airteagail 11a agus 13a, ciallaíonn ‘oibreoir’ úinéir soithigh, nó aon duine, atá i bhfeighil an tsoithigh nó a stiúrann nó a rialaíonn an soitheach.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(5):

‘Ní rachaidh méid na tacaíochta airgeadais ón Aontas a leithdháilfidh gach Ballstát faoi CEMID dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 19 agus 20 thar 30 % den tacaíocht airgeadais ón Aontas a leithdháilfear ar an mBallstát sin.’;

(3) cuirtear Airteagal 11a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 11:

‘Airteagal 11a

Inghlacthacht iarratas i gcás cinneadh dearfach

[9] Cinneadh (AE) 2023/1116 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh (IO L 148, 8.6.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1116/oj)

1. Gan dochar d'Airteagal 11, beidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag oibreoir neamh-inghlactha nó éireoidh sé neamh-inghlactha má thugann stát cósta nó ERBI/Comhaontú fógra don Bhallstát brataí faoi chinneadh dearfach maidir le hoibreoir nó soitheach a oibríonn an t-oibreoir.

2. I gcás ina dtabharfaidh stát cósta fógra faoi chinneadh dearfach, ní bheidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag oibreoir inghlactha má tá an cinneadh dearfach bunaithe ar fhaisnéis fhíorasach ábhartha agus má tá an méid seo a leanas curtha ar fáil ag an stát cósta don Bhallstát brataí agus, más eol, don Bhallstát atá ag tabhairt an fhóirdheontais:

(a) fógra tráthúil a chuirtear in iúl trí bhealaí iomchuí. Áireofar san fhógra freisin tagairtí do na dlíthe, do na rialacháin nó do na nósanna imeachta riaracháin is infheidhme, nó d'fhaisnéis agus mionsonraí ábhartha eile maidir le haon bheart a rinneadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) an soitheach nó an t-oibreoir a choinneáil go sealadach, go dtí go ndéanfar imscrúdú breise, as gabháil d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, nó

(ii) go dtionscnóidh an stát cósta imscrúdú ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte;

(b) deis faisnéis ábhartha a mhalartú sula dtabharfar an cinneadh dearfach chun críche, ionas go bhféadfar an fhaisnéis sin a chur san áireamh sa chinneadh dearfach críochnaitheach, ar bhealach agus laistigh de thréimhse a shonróidh an stát cósta.

Tabharfaidh an stát cósta fógra don Bhallstát brataí faoin gcinneadh dearfach críochnaitheach agus faoi aon smachtbhanna a forchuireadh, lena n-áirítear, más infheidhme, fad na smachtbhannaí sin.

3. I gcás ina dtugtar fógra faoi chinneadh dearfach i ndáil le soitheach sonrach, ní bheidh feidhm ag neamh-inghlacthacht iarratais arna chur isteach ag oibreoir an tsoithigh sin ach amháin maidir le tacaíocht a bhfuil baint dhíreach aici leis an soitheach sonrach sin nó lena gníomhaíochtaí.

4. I gcás ina dtugtar fógra faoi chinneadh dearfach le linn na tréimhse idir deonú na tacaíochta agus an íocaíocht deiridh, aon tacaíocht a íocadh cheana ó CEMID i leith an tsoithigh agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chinneadh dearfach sin, déanfar í a aisghabháil ón oibreoir i gcomhréir le hAirteagal 44 den Rialachán seo agus le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

5. Beidh iarratais neamh-inghlactha, de bhun mhíreanna 2 go 4, ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn don tréimhse is faide de na tréimhsí seo a leanas:

(a) fad an smachtbhanna dá bhforáiltear i rialacha náisiúnta an stáit cósta a rinne an cinneadh dearfach; nó

(b) an tréimhse a bhfuil an soitheach nó an t-oibreoir liostaithe ag ERBI/Comhaontú lena linn.

6. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha náisiúnta, tréimhse neamh-inghlacthachta is faide ná an tréimhse a chinntear faoi mhír 5 a chur i bhfeidhm, agus cineál, tromchúis agus athdhéanamh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte nó na gníomhaíochta a bhaineann leis an iascaireacht mar thaca le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a rinne an soitheach nó an t-oibreoir á gcur san áireamh.

7. I gcás nach sonrófar fad an smachtbhanna i gcinneadh dearfach ar tugadh fógra ina leith don Bhallstát brataí, cinnfidh an Ballstát brataí an tréimhse neamh-inghlacthachta, agus cineál, tromchúis agus athdhéanamh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht mar thaca le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte á gcur san áireamh.

8. I gcás ina mbeidh neamh-inghlacthacht ann faoi Airteagal 11(1) agus Airteagal 11a araon mar thoradh ar an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte chéanna nó ar na gníomhaíochtaí céanna a bhaineann leis an iascaireacht mar thaca le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, ní rachaidh an tréimhse iomlán neamh-inghlacthachta thar an tréimhse neamh-inghlacthachta is faide de thoradh Airteagal 11 nó mhíreanna 5, 6 agus 7 den Airteagal seo.

9. I gcás ina bhfaighidh Ballstát brataí cinneadh dearfach maidir le ceann amháin dá shoithí nó dá oibreoirí, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas trí mheán leictreonach laistigh de 10 lá oibre ón gcinneadh dearfach a fháil, agus sonróidh sé an t-oibreoir agus an soitheach lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, fad an smachtbhanna. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do gach Ballstát eile trína foilsiú i roinn dá shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain shrianta uirthi.

(4) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear **an méid seo a leanas** in ionad na foclaíochta réamhráití:

> ‘1. Ní bheidh na hoibríochtaí ná an caiteachas seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíocht ó CEMID:’;

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

> ‘(a) oibríochtaí a mhéadaíonn acmhainn iascaireachta soithigh iascaireachta, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagail 19 agus 19a’;

(c) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

> ‘(c) soithí iascaireachta a thógáil, a fháil nó a allmhairiú, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagail 17 agus 19a;

(d) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

> ‘(g) úinéireacht gnólachta a aistriú, mura ndeonaítear an tacaíocht d’iascaire óg a n-aistrítear úinéireacht chuige nó mura bhfuil an gnólacht ag gabháil d’iascaireacht chósta ar mionscála amháin’;

(e) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

> ‘(k) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta atá riachtanach chun go gcomhlíonfar ceanglais faoi dhlí an Aontais atá i bhfeidhm tráth a thíolactar an t-iarratas ar thacaíocht, lena n-áirítear ceanglais faoi oibleagáidí an Aontais i gcomhthéacs ERBInna, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagail 19a agus 22’;

(f) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

> ‘(m) príomhinneall nó inneall coimhdeach ar shoitheach iascaireachta a ionadú nó a nuachóiriú, mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagail 18 agus 19a’;

(g) cuirtear mír(2) seo a leanas isteach:

> ‘2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (b) maidir le trealamh loingseoireachta a oibríonn go heisiach os cionn dhromchla an uisce, amhail GPS agus teicneolaíocht

radair, nach n-úsáidtear ach amháin chun tionóiscí muirí a chosc agus chun sábháilteacht ar muir a mhéadú.';

(6) cuirtear Airteagal 13a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 13:

'*Airteagal 13a*

Neamh-incháilitheacht na tacaíochta don iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht lasmuigh de dhlínse stáit chósta agus lasmuigh d'inniúlacht ERBI/Comhaontú ábhartha

Sa bhreis ar na hoibríochtaí agus an caiteachas neamh-incháilithe faoi Airteagal 13, oibríochtaí agus caiteachas lena dtacaítear le hiascaireacht nó le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht a dhéantar lasmuigh de dhlínse stát cósta, lena n-áirítear stáit chósta nach comhaltaí de EDT iad, agus lasmuigh d'inniúlacht ERBI/Comhaontú ábhartha, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ó CEMID.';

(7) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) i gcás soithí iascaireachta cósta ar mionscála, rannchuidíonn an t-inneall nua nó nuachóirithe le laghdú ar astaíochtaí CO_2.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) i gcás soithí eile nach faide ná 24 mhéadar a bhfad foriomlán, ní mó an chumhacht in kW atá ag an inneall nua nó nuachóirithe ná ag an inneall a bhí ann cheana agus comhlíonann an t-inneall nua na ceanglais a leagtar amach i mír 5;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I gcás an innill nua dá dtagraítear i mír 2, pointe (d):

(a) úsáidfidh sé teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh nó teicneolaíocht breosla mhalartaigh, i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[10];

(b) beidh sé cineálcheadaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]; agus

(c) beidh sé 7 mbliana níos nuaí ar a laghad ná an t-inneall atá á ionadú.';

(8) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) tá an soitheach iascaireachta cláraithe i gclár cabhlaigh an Aontais do na 5 bliana féilire, ar a laghad, roimh an mbliain a tíolacadh an t-iarratas ar thacaíocht;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

---

10 Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/2026-08-05)

11 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1628/oj)

‘(d) an méadú ar an olltonnáiste is gá chun inneall nó córas tiomána a shuiteáil nó a athchóiriú ina dhiaidh sin a léiríonn éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr nó astaíochtaí CO_2 níos ísle i gcomparáid leis an staid a bhí ann roimhe sin, ar inneall nó córas tiomána é nach bhfuil cumhacht níos mó ná cumhacht innill an tsoithigh gabhála a deimhníodh roimhe sin aige de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a bhfuil aschur uasta cumhachta deimhnithe ag an monaróir don inneall sin nó don tsamhail córais tiomána sin, ach amháin más soitheach gabhála cósta ar mionscála í an soitheach atá i gceist’;

(9) cuirtear Airteagal 19a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 19:

‘*Airteagal 19a*

Tacaíocht don aistriú fuinnimh

1. Chun an cuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (a), den Rialachán seo a bhaint amach, le CEMID, féadfar tacú freisin le tionscadail phíolótacha agus taighde agus le hinfheistíochtaí i gcalafoirt agus i mbonneagar a rannchuidíonn leis an aistriú fuinnimh in earnáil an iascaigh.

2. Tagraíonn treoirthionscadail agus tionscadail taighde do thástáil réiteach nuálach teicneolaíoch agus oibríochtúil chun a rannchuidiú leis an aistriú fuinnimh a léiriú agus a bhailíochtú trí úsáid a bhaint as soitheach iascaireachta nó córas táirgthe dobharshaothraithe amháin nó níos mó faoi mhaoirseacht comhlachta neamhspleách eolaíoch, taighde nó teicniúil. Féadfar a áireamh ar na tionscadail sin freisin soitheach iascaireachta a fháil, innill a athsholáthar agus/nó trealamh a sholáthar do shoithí iascaireachta, ar choinníoll nach n-úsáidtear iad sin le haghaidh iascaireacht tráchtála. Ní fhéadfar soithí, innill ná aon trealamh a mhaoinítear faoi na tionscadail sin a úsáid ina dhiaidh sin le haghaidh iascaireacht tráchtála ach amháin má fuair an t-oibreoir ábhartha iad ar luach margaidh cothrom, gan tacaíocht phoiblí nó le tacaíocht phoiblí a chomhlíonann coinníollacha an Rialacháin seo.’;

3. Ciallaíonn infheistíocht i gcalafoirt agus i mbonneagar infheistíochtaí a thacaíonn leis an aistriú fuinnimh in iascach agus dobharshaothrú an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (18), i gcalafoirt, i gcéanna agus i limistéir nasctha.’;

(10) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) tá an soitheach cláraithe mar shoitheach gníomhach agus rinne sí gníomhaíochtaí iascaireachta ar muir ar feadh 90 lá sa bhliain, ar a laghad, le linn an 2 bhliain féilire deiridh roimh dháta tíolactha an iarratais ar thacaíocht; ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll sin i gcás soitheach atá ceadúnaithe le haghaidh eascanna iascaireachta agus údaraithe lena n-aghaidh.’;

(11) in Airteagal 21(2), cuirtear pointe (f) seo a leanas isteach:

‘(f) tionchair shocheacnamaíocha a eascraíonn as laghdú 40 % ar a laghad ar na deiseanna iascaireachta a leithdháiltear ar an oibreoir, tar éis laghdú ar na deiseanna iascaireachta arna nglacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is í an bhliain féilire roimh an mbliain a mbunaítear na deiseanna iascaireachta ina leith leis an Rialachán ábhartha ón gComhairle an bhliain tagartha chun an laghdú a ríomh.’;

(12) in Airteagal 25, cuirtear pointe (h) seo a leanas isteach:

‘(h) gníomhaíochtaí chun tacú le ceapadh, forbairt agus cur chun feidhme comhchoiteann straitéisí náisiúnta le haghaidh limistéir mhuirí faoi chosaint agus limistéir shrianta iascaigh, le bainistiú limistéar muirí faoi chosaint agus limistéar srianta iascaigh, agus le forbairt

scéimeanna comhbhainistithe iascaigh, agus bearta múscailte feasachta chun comhar páirtithe leasmhara a chur chun cinn maidir le limistéir mhuirí faoi chosaint agus limistéir iascaigh faoi chosaint a bhunú agus a bhainistiú.';

(13) cuirtear Airteagal 30a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 30:

'*Airteagal 30a*

Iascaireacht ar mionscála

Chun an cuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 29 den Rialachán seo a bhaint amach, féadfaidh CEMID tacaíocht a sholáthar freisin do ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun iascaireacht chósta inmharthana ar mionscála a chothú agus éagsúlú ioncaim iascairí cósta ar mionscála a éascú trí ghníomhaíochtaí comhlántacha a fhorbairt.';

(14) cuirtear Airteagal 44a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 44:

'*Airteagal 44a*

Ceartuithe airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcás cinneadh dearfach

